# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## Gairmchlár na hArdteistiméireachta

### Scrúdú Nascmhodúl 2008

### Dé Céadaoin, 7 Bealtaine 2008, 10.00 r.n. – 12.30 i.n.

| Scrúduimhir |
|---|
| |

**TREORACHA d'IARRTHÓIRÍ**

**Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca.**

Scríobh na freagraí go léir sa Fhreagarleabhar seo.

Tá **trí** roinn sa scrúdú seo.

**Roinn A – Closamharc**

Tá **ocht** gceist ann.
Ní mór gach ceist a fhreagairt. **(30 marc)**

**Roinn B – Cás-Staidéar**

Tá **trí** cheist ann.
Ní mór gach ceist a fhreagairt. **(30 marc)**

**Roinn C – Ceisteanna Ginearálta**

Tá **sé** cheist ann.
Ní mór **ceithre** cheist a fhreagairt. **(100 marc)**

| Roinn A | Closamharc | 30 marc |
|---|---|---|

- Beidh **trí** nóiméad agat chun na ceisteanna i Roinn A a léamh.
- Feicfidh tú DVD ar théama Comhlacht Comhairleachta.
- Feicfidh tú an DVD trí huaire.
  - Feicfidh tú ó thús deireadh ar dtús í.
  - Taispeánfar ansin í ina trí chuid. I ndiaidh gach cuid a thaispeáint tabharfar am duit chun do chuid freagraí a scríobh sa rannóg chuí den fhreagarleabhar.
  - Feicfidh tú an DVD iomlán ó thús deireadh arís ansin.

Is féidir an leathanach seo a úsáid le haghaidh nótaí agus freagraí.

| Roinn A | Closamharc | 30 marc |
|---|---|---|

**Freagair gach ceist.**

**Cuid 1**

**C.1** Cad iad na seirbhísí a thairg Top Solutions nuair a cuireadh ar bun ar dtús é?

**1 mharc**

**C.2** Conas a d'fhorbair Top Solutions na serbhísí gnó a thairgeann sé?

**2 mharc**

**C. 3** Cad iad na tréithe pearsanta a bhí ag teastáil ó Mháire ina ról mar bhainisteoir?

**3 mharc**

**Cuid 2**

**C.4** Cad a spreag Máire chun smaoineadh ar a chuid oibre a athrú?

**4 mharc**

**C.5** Mínigh na riachtanais dlí a chomhlíon Máire mar fhostóir.

**4 mharc**

**C.6** Cén bealach a cheapann Marc ar féidir leis cabhrú le rath a bheith ar Top Solutions?

**4 mharc**

**Cuid 3**

**C.7** Cad iad na céimeanna a ghlacann Máire chun na riosca a bhaineann le bheith féinfhostaithe.

**6 mharc**

**C.8** Cad iad na láidreachtaí atá ag Top Solutions? Tabhair cúís ar roghnaigh tú gach ceann díobh.

**6 mharc**

# FORBAIRT POBAIL

Baile beag tuaithe is ea Baile an Iúir atá suite 50 ciliméadar ón gcathair is gaire agus 30 ciliméadar ón líonra iarnróid is gaire. Dúnadh an stáisiún traenach i mBaile an Iúir breis agus tríocha bliain ó shin agus is í an t-aon iompar poiblí atá ar fáil anois ná seirbhís an-teoranta bus. Athraíodh seanteach an stáisiúin ina líon beag d'aonad gnó atá anois i seilbh daoine atá bainteach leis na healaíona agus le ceirdeanna. Oibríonn cuid de na fiontair sin ar bhonn séasúrach amháin agus ar an iomlán is beag atá le fáil i mBaile an Iúir maidir le deiseanna fostaíochta ar an mórchóir don phobal.

Is baile an-phictiúrtha agus suaimhneach é. Tá baint ag formhór na ndaoine leis an talmhaíocht nó leis an turasóireacht. Bíonn tuilleadh den phobal ag comaitéaracht go dtí a n-áit fostaíochta sa chathair is gaire. Baineann an-tábhacht leis an turasóireacht don bhaile agus tagann a lán cuairteoirí chun iascach a dhéanamh sna lochanna atá in aice láimhe. Tá dhá bhunscoil agus pobalscoil amháin i mBaile an Iúir. Fágann an chuid is mó de na daoine óga le dul ar choláiste nó ag obair agus ní dócha go bhfillfidh siad i ngeall ar easpa deiseanna fostaíochta.

Tá fostóir mór amháin i mBaile an Iúir a dhéanann brioscaí agus milseogra. Tá an iomaíocht agus costais eile atá ag dul i méid ag tosú ar chur isteach ar an ngnó seo agus tá bainistíocht na gnólachta ag smaoineamh ar cé acu ab fhearr tuilleadh infheistíochta a dhéanamh agus dul i ngleic leis an iomaíocht nó méid an gnólachta a laghdú agus a bheith sásta le sciar níos lú den mhargadh. Is gruama atá todhchaí Bhaile an Iúir agus mura ndéanfar gníomh láithreach d'fhéadfadh na fadhbanna éirí níos measa.

I ngeall ar na dála sin tá roinnt ball den phobal tar éis gníomh deimhneach a dhéanamh.
Tá cruinniú poiblí fógartha agus cuireadh tugtha don lucht gnó áitiúl agus do na páirtithe leasmhara go léir a bheith i láthair chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna atá os comhair an bhaile. Tá forbairt Pháirc Thionsclaíocha, a thabharfadh deiseanna in earnálacha difriúla, ar cheann de na smaointe atá á lua. Ach níor cheart go ndéanfadh aon chineál forbartha dochar don timpeallacht ná baint de chaighdeán maireachtála na n-áitritheoirí ata an faoi láthair.

| Roinn B | Cás-Staidéar | 30 marc |
|---|---|---|

**Freagair gach ceist.**

**C.1** Luaigh agus mínigh **trí** fhadhb atá ag muintir Bhaile an Iúir?

**6 mharc**

| Roinn B | Cás-Staidéar | 30 marc |
|---|---|---|

**Q.2** (i) Déan cur síos ar na deiseanna agus/nó ar na dúshláin a d'fhéadfadh a bheith roimh an nGhrúpa Pobail.

(ii) Déan cur síos ar na deacrachtaí a d'fhéadfadh a bheith roimh an nGhrúpa Pobail agus fionntraíocht á cur chun cinn acu.

**12 mharc**

| Roinn B | Cás-Staidéar | 30 marc |
|---|---|---|

**C.3** Tabhair breac-chuntas ar **cheithre** impleacht dhiúltacha do mhuintir Bhaile an Iúir má théitear chun cinn leis an bPáirc Thionsclaíoch atá molta.

**12 mharc**

| Roinn C | Ceisteanna Ginearálta | 100 marc |
|---|---|---|

## INNÉACS AGUS ACHOIMRE

Tá 6 cheist ar 25 marc an ceann sa Roinn C seo agus ba chóir duit ceithre cinn ar bith a fhreagairt. Chun cuidiú leat na ceisteanna a roghnú agus a aimsiú lena bhfreagairt, is é seo a leanas téacs na gceisteanna ar fad agus réimse uimhreacha na leathanach do gach ceann díobh. Freagair do rogha ceisteanna ar na leathanaigh chuí a leanas sa leabhrán seo.

**C. 1 Tá an fhiontraíocht ríachtanach má tá dul chun cinn le déanamh.** **Lgh 13-15**

(a) Mínigh cad a thuigeann tú leis an téarma 'fiontraíocht'.
(b) Liostaigh **ceithre** mhodh a d'fhéadfadh fiontar gnó a úsáid chun smaointe a ghiniúint.
(c) I ngach ceann de na réimsí seo a leanas déan cur síos ar dhá shampla d'fhiontraíocht ag feidhmiú:
(i) An Teaghlach, (ii) An Pobal Áitiúil
(d) Déan smaoineamh ar an bpáirt a ghlac tú i ndreachtú plean fiontraíochta/gníomhaíochta LCVP do ghníomhaíocht ranga.
(i) Luaigh ábhar ardteistiméireachta amháin a chabhraigh leat. Abair cén fáth.
(ii) Tabhair mionchuntas ar **thrí** bhealach ina gcabhróidh do rannpháirtíocht sa ghníomhaíocht leat sa todhchaí.

**C. 2 Tá an phleanáil riachtanach má tá rath le bheith ar ghnó.** **Lgh 16-18**

(a) Tabhair breac-chuntas ar **thrí** chúis a bhfuil sé tábhachtach go ndéanfadh gnólacht pleanáil.
(b) Ainmnigh agus mínigh **dhá** réimse a bheadh mar chuid de Chorp an phlean gnó.
Abair cén fáth a mbaineann tábhacht le gach ceann.
(c) Déan smaoineamh ar shuíomh fhiontair/eagraíochta a bhfuil eolas agat uirthi.
Tabhair breac-chuntas ar **thrí** chúis a bhfuil sí suite ansin.
(d) Ainmnigh fiontar ghnó a bhfuil eolas agat air agus déan anailís LLDB (SWOT) ar an ghnó sin.

**C. 3 Tugann socrúcháin oibre deis mhaith do mhic léinn taithí a fháil ar shaol na hoibre.** **Lgh 19-21**

(a) Liostaigh **trí** chúis a mbaineann tábhacht le scáthú oibre/taithí oibre do mhic léinn.
(b) Déan cur síos ar **cheithre** dheacracht a d'fhéadfadh a bheith ag mhic léinn le linn scáthú oibre/taithí oibre.
(c) Luaigh **agus** mínigh na freagrachtaí atá ar fhostóirí i leith sláinte, shábháilteacht agus leas a gcuid fostaithe.
(d) Scríobh litir fhoirmiúil chuig fostóir i do cheantar ag lorg taithí oibre mar chuid de do chlár nascmhodúl.

**C. 4 Is gníomhaíocht ranga ríachtanach í pleanáil imeachta le cur leis an bhfoghlaim.** **Lgh 22-24**

(a) Mar chuid de bhur modúl fiontraíochta LCVP, tá beartaithe ag do rang taispeántas gairmeacha a eagrú. Fógraíodh cruinniú ranga chun an t-imeacht a eagrú. Dréachtaigh clár don chruinniú sin.
(b) Luaigh agus mínigh **trí** bhuntáiste a bhaineann le bheith ag obair mar chuid d'fhoireann nuair a bhítear ag tabhairt faoin ngníomhaíocht.
(c) Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach measúnú a dhéanamh ar an ngníomhaíocht?
(d) Déan cur síos ar **thrí** bhealach inar féidir measúnú a dhéanamh ar an taispeántas gairmeacha. Tabhair cúiseanna le gach ceann díobh a roghnú.

**C. 5 Is Ról Tábhachtach a Imríonn Eagraíochtaí Pobail/Fiontair sa tSochaí.** **Lgh 25-27**

(a) Mínigh cén fáth a mbíonn baint ag daoine le heagraíochtaí pobail.
(b) Déan cur síos ar **thrí** bhuntáiste a thugann eagraíochtaí deonacha/fiontair phobail do phobail áitiúla.
(c) (i) Déan cur síos ar **dhá** bhealach ina bhféadfadh gnólachtaí tráchtála tacú le hEagraíochtaí Deonacha/ Fiontar Phobail.
(ii) Mínigh, agus cúis amháin á tabhairt agat, cén fáth a ndéanfadh gnólachtaí tráchtala é sin.
(d) Scríobh tuairisc achomair **ar chuairt isteach** nó **ar chuairt amach** ar Eagraíocht Dheonach/ Fhiontar Pobail ar ghlac tú páirt inti. Bain úsáid as ceannteidil chuí.

**C. 6 Baineann Scoileanna agus Coláistí le daoine óga a oiliúint le haghaidh Shaol na hOibre.** **Lgh 28-31**

(a) Liostaigh **ceithre** phíosa comhairle a chuirfeá ar chara agus é/í ag comhlánú foirm iarratais le haghaidh poist.
(b) Déan cur síos ar **thrí** bhuntáiste nach buntáistí airgid iad, is féidir a fháil as saol na hoibre.
(c) Déan cur síos ar **thrí** dhifríocht idir saol na hoibre agus an obair scoile.
(d) Luaigh **trí** thréith a d'fhéadfadh fostóirí a lorg i bhfostaithe féideartha. Mínigh cén fáth ar dóigh leat go gceapfadh fostóirí gach tréith díobh sin a bheith tábhachtach.

| Roinn C | Ceisteanna Ginearálta | 100 marc |
|---|---|---|

**C. 1 Tá an fhiontraíocht ríachtanach má tá dul chun cinn le déanamh.**

(a) Mínigh cad a thuigeann tú leis an téarma fiontraíocht.

**2 mharc**

(b) Liostaigh **ceithre** mhodh a d'fhéadfadh fiontar gnó a úsáid chun smaointe a ghiniúint.

**4 mharc**

(c) I ngach ceann de na réimsí seo a leanas déan cur síos ar dhá shampla d'fhiontraíocht ag feidhmiú.

(i) An Teaghlach

(ii) An Pobal Áitiúil

**8 marc**

(d) Déan smaoineamh ar an bpáirt a ghlac tú i ndreachtú plean fiontraíochta/gníomhaíochta LCVP do ghníomhaíocht ranga.

(i) Luaigh ábhar ardteistiméireachta amháin a chabhraigh leat. Abair cén fáth.

(ii) Tabhair mionchuntas ar **thrí** bhealach ina gcabhróidh do rannpháirtíocht sa ghníomhaíocht leat sa todhchaí.

**11 marc**

**C.2 Tá an phleanáil riachtanach má tá rath le bheith ar ghnó.**

(a) Tabhair breac-chuntas ar **thrí** chúis a bhfuil sé tábhachtach go ndéanfadh gnólacht pleanáil.

**6 mharc**

(b) Ainmnigh agus mínigh **dhá** réimse a bheadh mar chuid de Chorp an phlean gnó.
Abair cén fáth a mbaineann tábhacht le gach ceann.

**4 mharc**

(c) Déan smaoineamh ar shuíomh fhiontair/eagraíochta a bhfuil eolas agat uirthi.
Tabhair breac-chuntas ar **thrí** chúis a bhfuil sí suite ansin.

**6 mharc**

(d) Ainmnigh fiontar gnó a bhfuil eolas agat air agus déan anailís LLDB (SWOT) ar an ghnó sin.

**9 marc**

**C.3 Tugann socrúcháin oibre deis mhaith do mhic léinn taithí a fháil ar shaol na hoibre.**

(a) Liostaigh **trí** chúis a mbaineann tábhacht le scáthú oibre/taithí oibre do mhic léinn.

**3 mharc**

(b) Déan cur síos ar **cheithre** dheacracht a d'fhéadfadh a bheith ag mic léinn le linn a scáthú oibre/taithí oibre.

**8 marc**

(c) Luaigh agus mínigh na freagrachtaí atá ar fhostóirí i leith sláinte, shábháilteacht agus leas a gcuid fostaithe.

**6 mharc**

(d) Scríobh litir fhoirmiúil chuig fostóir i do cheantar ag lorg taithí oibre mar chuid de do chlár nascmhodúl.

**8 marc**

**C.4 Is gníomhaíocht ranga ríachtanach í pleanáil imeachta le cur leis an bhfoghlaim.**

(a) Mar chuid de bhur modúl fiontraíochta LCVP tá beartaithe ag do rang taispeántas gairmeacha a eagrú. Fógraíodh cruinniú ranga chun an t-imeacht a eagrú. Dréachtaigh clár don chruinniú seo.

**7 marc**

(b) Luaigh agus mínigh **trí** bhuntáiste a bhaineann le beith ag obair mar chuid d'fhoireann nuair a bhítear ag tabhairt faoin ngníomhaíocht.

**6 mharc**

(c) Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach measúnú a dhéanamh ar an ngníomhaíocht?

**3 mharc**

(d) Déan cur síos ar **thrí** bhealach inar féidir measúnú a dhéanamh ar an taispeántas gairmeacha. Tabhair cúiseanna le gach ceann díobh a roghnú.

**9 marc**

| Roinn C | Ceisteanna Ginearálta | 100 marc |
|---|---|---|

**C.5 Is Ról Tábhachtach a Imríonn Eagraíochtaí Pobail/Fiontair sa tSochaí.**

(a) Mínigh cén fáth a mbíonn baint ag daoine le heagraíochtaí pobail.

**3 mharc**

(b) Déan cur síos ar **thrí** bhuntáiste a thugann eagraíochtaí deonacha/fiontair phobail do phobail áitiúla.

**6 mharc**

(c) (i) Déan cur síos ar **dhá** bhealach ina bhféadfadh gnólachtaí tráchtála tacú le hEagraíochtaí Deonacha/ Fiontar Phobail.

(ii) Mínigh, agus cúis amháin á tabhairt agat, cén fáth a ndéanfadh gnólachtaí tráchtala é sin.

**6 mharc**

(d) Scríobh tuairisc achomair **ar chuairt isteach** nó **ar chuairt amach** ar Eagraíocht Dheonach/ Fhiontar Pobail ar ghlac tú páirt inti. Bain úsáid as ceannteidil chuí.

**10 marc**



THALL →

| Roinn C | Ceisteanna Ginearálta | 100 marc |
|---|---|---|

**C.6 Baineann Scoileanna agus Coláistí le daoine óga a oiliúint le haghaidh Shaol na hOibre.**

(a) Liostaigh **ceithre** phíosa comhairle a chuirfeá ar chara agus é/í ag comhlánú foirm iarratais le haghaidh poist.

**4 mharc**

(b) Déan cur síos ar **thrí** bhuntáiste nach buntáistí airgid iad, is féidir a fháil as saol na hoibre.

**6 mharc**

(c) Déan cur síos ar **thrí** dhifríocht idir saol na hoibre agus an obair scoile.

**6 mharc**

(d) Luaigh trí thréith a d'fhéadfadh fostóirí a lorg i bhfostaithe féideartha. Mínigh cén fáth ar dóigh leat go gceapfadh fostóirí gach tréith díobh sin a bheith tábhachtach.

**9 marc**

**Don Scrúdaitheoir Amháin**

# Páipéar Scríofa

| | Marcanna a Bronnadh |
|---|---|
| Roinn A | |
| Roinn B | |
| Roinn C | |
| C.1 | |
| C.2 | |
| C.3 | |
| C.4 | |
| C.5 | |
| C.6 | |
| Iomlán | |

| | |
|---|---|
| 1. Suim na n-iomlán ó bhun na leathanach. | |
| 2. Móriomlán na ceiste/gceisteanna nár ceadaíodh.. | |
| 3. An tOllmharc a bronnadh (1 lúide 2) | |
| 4. Bónas don fhreagairt trí mheán na Gaeilge. | |
| 5. Marc móriomlán (3 + 4) | |
| **Nóta**: Ní mór don mharc ar líne 5 a bheith cothrom leis an marc sa bhosca Móriomlán ar an script. | |

# Measúnú Fillteáin

| | Marcanna a Bronnadh |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| Iomlán | |

| | |
|---|---|
| 1. Suim na n-iomlán | |
| 2. Móriomlán an/na fhreagra/bhfreagraí nár ceadaíodh | |
| 3. An tOllmharc a bronnadh (1 lúide 2) | |